Gach eintiteas conarthach sna hearnálacha a sholáthraíonn seirbhísí i réimsí na seirbhísí iarnróid mar atá sainmhínithe in alt 4 mír 1 litir (f) d'Acht Uimh. 137/2006 Coll. maidir le Conarthaí Poiblí, arna leasú.

Samplaí d'eintitis chonarthacha:

- ČD Cargo, a.s.
- České dráhy, a.s.
- Správa železniční dopravní cesty, státní organizace

An Danmhairg

- DSB
- DSB S-tog A/S
- Metroselskabet I/S

An Ghearmáin

- Deutsche Bahn AG
- Gnóthais eile a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid don phobal de bhun Airteagal 2(1) de Allgemeines Eisenbahngesetz an 27 Nollaig 1993, arna leasú go deireanach an 26 Feabhra 2008

An Eastóin

- Eintitis a oibríonn de bhun Airteagal 10(3) den Acht um Sholáthar Poiblí (RT I 21.2.2007, 15, 76) agus Airteagal 14 den Acht Iomaíochta (RT I 2001, 56 332)
- AS Eesti Raudtee
- AS Elektriraudtee

Éire

- Iarnród Éireann
- An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród

An Ghréig

- 'Οργανισμός Σιδηροδρόμων Ελλάδος Α.Ε.' ('O.Σ.Ε. Α.Ε.'), de bhun Dhlí Uimh. 2671/98
- 'ΕΠΤΟΣΕ Α.Ε.' de bhun Dhlí Uimh. 2366/95

An Spáinn

- Ente público Administración de Infraestructuras Ferroviarias (ADIF)
- Red Nacional de los Ferrocarriles Españoles (RENFE)
- Ferrocarriles de Vía Estrecha (FEVE)
- Ferrocarrils de la Generalitat de Catalunya (FGC)
- Eusko Trenbideak (Bilbao)
- Ferrocarrils de la Generalitat Valenciana. (FGV)
- Serveis Ferroviaris de Mallorca (Ferrocarriles de Mallorca)
- Ferrocarril de Soller
- Funicular de Bulnes

An Fhrainc

- Société nationale des chemins de fer français agus gréasáin iarnróid eile atá oscailte don phobal, dá dtagraítear in Loi d'orientation des transports intérieurs Uimh. 82-1153 an 30 Nollaig 1982, Teideal II, Caibidil 1
- Réseau ferré de France, cuideachta faoi úinéireacht Stáit arna bunú le Dlí Uimh. 97-135 an 13 Feabhra 1997

An Iodáil

- Ferrovie dello Stato S. p. A. lena n-áirítear le Società partecipate

- Eintitis, cuideachtaí agus gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid ar bhonn lamhátais de bhun Airteagal 10 d’Fhoraithe Ríoga Uimh. 1447 an 9 Bealtaine 1912 lena bhformheastar téacs comhdhlúite na ndlíthe maidir le le ferrovie concesse all'industria privata, le tramvie a trazione meccanica e gli automobili
- Eintitis, cuideachtaí agus gnóthais agus údaráis áitiúla a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid ar bhonn lamhátais de bhun Airteagal 4 de Dhlí Uimh. 410 an 4 Meitheamh 1949 — Concorso dello Stato per la riattivazione dei pubblici servizi di trasporto in concessione
- Eintitis, cuideachtaí agus gnóthais nó údaráis áitiúla a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid ar bhonn lamhátais de bhun Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 1221 an 2 Lúnasa 1952 — Provvedimenti per l'esercizio ed il potenziamento di ferrovie e di altre linee di trasporto in regime di concessione
- Eintitis, cuideachtaí agus gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí de bhun Airteagail 8 agus 9 den Decreto Legislativo Uimh. 422 an 19 Samhain 1997 — Conferimento alle regioni ed agli enti locali di funzioni e compiti in materia di trasporto pubblico locale, a norma dell'articolo 4, comma 4, della L. 15 marzo 1997, n. 9 — arna leasú le Decreto Legislativo Uimh. 400 an 20 Meán Fómhair 1999, agus le hAirteagal 45 de Legge Uimh. 166 an 1 Lúnasa 2002

An Chipir

An Laitvia

- Valsts akciju sabiedrība "Latvijas dzelzceļš"
- Valsts akciju sabiedrība "Vaiņodes dzelzceļš"

An Liotuáin

- Akcinė bendrovė 'Lietuvos geležinkeliai'
- Eintitis eile a chomhlíonann ceanglais Airteagal 70 (1, 2) de Dhlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Soláthar Poiblí (Iris Oifigiúil, Uimh. 84-2000, 1996; Uimh. 4-102, 2006) agus a oibríonn i réimse na seirbhísí iarnróid i gcomhréir le Cód Iompair Iarnróid Phoblacht na Liotuáine (Iris Oifigiúil Uimh. 72-2489, 2004)

Lucsamburg

- Chemins de fer luxembourgeois (CFL)

An Ungáir

- Eintitis a sholáthraíonn seirbhísí iompair iarnróid don phobal de bhun Airteagail 162-163 de 2003. évi CXXIX. törvény a közbeszerzésekről and 2005. évi CLXXXIII. törvény a vasúti közlekedésről agus ar bhonn údarú de bhun 45/2006. (VII. 11.) GKM rendelet a vasúti társaságok működésének engedélyezéséről

Mar shampla:

- Magyar Államvasutak (MÁV)

Málta

An Ísiltír

Eintitis soláthair i réimse na seirbhísí iarnróid. Cuir i gcás:

- Nederlandse Spoorwegen
- ProRail

An Ostair

- Österreichische Bundesbahn.
- Schieneninfrastrukturfinanzierungs-Gesellschaft mbH sowie
- Eintitis atá údaraithe chun seirbhísí iompair d'iarnród a sholáthar de bhun Eisenbahngesetz, BGBl. Uimh. 60/1957, arna leasú

An Pholainn

Eintitis a sholáthraíonn seirbhísí iompair iarnróid, a oibríonn ar bhonn ustawa o komercjalizacji, restrukturyzacji i prywatyzacji przedsiębiorstwa państwowego 'Polskie Koleje Państwowe' z dnia 8 września 2000 r.; lena n-áirítear, i measc eintiteas eile:

- PKP Intercity Sp. z o.o.
- PKP Przewozy Regionalne Sp. z o.o.
- PKP Polskie Linie Kolejowe S.A.
- "Koleje Mazowieckie — KM" Sp. z o.o.
- PKP Szybka Kolej Miejska w Trójmieście Sp. z o.o.
- PKP Warszawska Kolej Dojazdowa Sp. z o.o.

An Phortaingéil

- CP - Caminhos de Ferro de Portugal, E.P., de bhun Decreto-Lei No 109/77 do 23 de Março 1977
- REFER, E.P., de bhun Decreto-Lei nº104/97 de 29 de Abril 1997
- RAVE, S.A., de bhun Decreto-Lei nº323-H/2000 de 19 de Dezembro 2000
- Fertagus, S.A., de bhun Decreto-Lei nº78/2005, de 13 de Abril 2005
- Údaráis phoiblí agus gnóthais phoiblí a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid de bhun Lei nº10/90 de 17 de Março 1990
- Gnóthais phríobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid de bhun Lei nº10/90 de 17 de Março 1990, i gcás ina bhfuil cearta speisialta nó eisiacha acu

An Rómáin

- Compania Națională Căi Ferate — CFR
- Societatea Națională de Transport Feroviar de Marfă 'CFR — Marfă'
- Societatea Națională de Transport Feroviar de Călători 'CFR — Călători'

An tSlóivéin

Mat. št.	Naziv	Poštna št.	Kraj
5142733	Slovenske železnice, d. o. o.	1000	Ljubljana

An tSlóvaic

- Eintitis a oibríonn iarnróid agus bealaí cábla agus saoraidí a bhaineann leo de bhun Acht Uimh. 258/1993 Coll. i bhfoclaíocht Achtanna Uimh. 152/1997 Coll. agus Uimh. 259/2001 Coll.
- Eintitis ar iompróirí iad a dhéanann foráil maidir le hiompar iarnróid don phobal faoi Acht Uimh. 164/1996 Coll. i bhfoclaíocht Achtanna Uimh. 58/1997 Coll., Uimh. 260/2001 Coll., Uimh. 416/2001 Coll. agus Uimh. 114/2004 Coll. agus ar bhonn fhoraithe rialtais Uimh. 662 an 7 Iúil 2004

Mar shampla:

- Železnice Slovenskej republiky, a.s.
- Železničná spoločnosť Slovensko, a.s.

An Fhionlainn

- VR Osaakehtiö//VR Aktiebolag

An tSualainn

- Eintitis phoiblí a oibríonn seirbhísí iarnróid i gcomhréir le järnvägslagen (2004:519) agus järnvägsförordningen (2004:526)
- Eintitis phoiblí réigiúnacha agus áitiúla a oibríonn córais chumarsáide iarnróid réigiúnacha nó áitiúla de bhun lagen (1997:734) om ansvar för viss kollektiv persontrafik
- Eintitis phríobháideacha a oibríonn seirbhísí iarnróid de bhun údarú arna dheonú faoi förordningen (1996:734) om statens spåranläggningar, i gcás ina gcomhlíonann an cead sin Airteagal 2(3) de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Fóntais.

An Ríocht Aontaithe

- Network Rail plc
- Eurotunnel plc
- Northern Ireland Transport Holding Company
- Northern Ireland Railways Company Limited
- Soláthraithe seirbhísí iarnróid a oibríonn ar bhonn cearta speisialta nó eisiacha arna ndeonú ag an Roinn Iompair nó ag aon údarás inniúil eile

FOROINN 4

EARRAÍ

Cumhdaítear na hearraí uile le Teideal VI den Chomhaontú seo.

FOROINN 5

SEIRBHÍSÍ

Sa Liosta Uilíoch de Sheirbhísí, mar atá i ndoiciméad MTN.GNS/W/120, áirithítear na seirbhísí seo a leanas*:

Ábhar	Uimh. thagartha CPC
Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin	6112, 6122, 633, 886
Seirbhísí iompair talún, lena n-áirítear seirbhísí carr armúrtha, agus seirbhísí cúiréireachta, seachas post a iompar	712 (cé is moite de 71235), 7512, 87304
Seirbhísí aeriompair paisinéirí agus lastais, seachas post a iompar	73 (cé is moite de 7321)
Post a iompar de thalamh, cé is moite d'iompar ar iarnród, agus san aer	71235, 7321
Seirbhísí teileachumarsáide	752**

Ábhar	Uimh. thagartha CPC
Seirbhísí airgeadais	ex 81
(a) Insurance services	812, 814
(b) Seirbhísí baincéireachta agus infheistíochtaí***	
Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara	84
Seirbhísí cuntaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta	862
Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna	864
Seirbhísí sainchomhairleachta bainistíochta agus seirbhísí gaolmhara	865, 866****
Seirbhísí ailtireachta; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite, seirbhísí pleanála uirbí agus ailtireachta tírdhreacha; seirbhísí gaolmhara comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla; seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla	867
Seirbhísí fíograíochta	871
Seirbhísí glantóireachta foirgneamh agus seirbhísí bainistíochta maoine	874, 82201 go 82206
Seirbhísí foilsitheoireachta agus priontála ar bhonn táille nó conartha	88442
Seirbhísí glantacháin gás sceite	9404
Seirbhísí laghdaithe torainn	9405
Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha	9406
Seirbhísí eile i leith chosaint an chomhshaoil nach n-aicmítear in áit ar bith eile	9409

Nótaí a ghabhann leis an bhForoinn seo

1. *Cé is moite de lamháltas seirbhíse poiblí agus seirbhísí nach mór d'eintitis a fháil ó eintiteas eile de bhun ceart eisiach a leagtar síos le dlí, rialachán nó foráil riaracháin atá foilsithe.
2. ** Cé is moite de sheirbhísí guth-theileafónaíochta, teiléacs, radaiteileafónaíochta, seirbhísí teachtaireachtaí agus seirbhísí satailíte.
3. ***
 - Cé is moite de sholáthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fiosaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta le haghaidh institiúidí airgeadais faoi rialáil, nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile.
 - Sa tSualainn, is trí Chóras Poist Gíoró na Sualainne (Postgiro) a dhéanfar idirbhearta a bhaineann le híocaíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais agus uathu.
4. **** Cé is moite de sheirbhísí eadrána agus idir-réitigh.

FOROINN 6

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

A/ Seirbhísí foirgníochta:

Sainmhíniú:

Cialaíonn conradh seirbhísí foirgníochta conradh a bhfuil sé de chuspóir aige oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, de réir bhrí Rannán 51 den Aicmiú Lárnach Táirgí (dá ngairfear ‘Rannán 51, CPC’ anseo feasta).

Liosta Rannán 51, CPC:

Gach seirbhís a liostaítear i Rannán 51.

B/ Lamháltais oibreacha:

Conarthaí lamháltas oibreacha, nuair a dhámhann eintitis iad a liostaítear i bhforanna 1 agus 2, agus ar choinníoll go bhfuil a luach cothrom le 5 000 000 SDR nó níos mó ná sin, go bhfuil siad clúdaithe ag prionsabal na córa náisiúnta a bhunaítear in Airteagal 175, míreanna 1 agus 2 agus Airteagail 173, 174, 179, 190 agus 294 den Chomhaontú seo.

Liosta Rannán 51, CPC:

Grúpa	Aicme	Fo-aicme	Teideal	ISCI Comhfhreagrach
ROINN 5			OBAIR FOIRGNÍOCHTA AGUS FOIRGNIMH: TALAMH	
RANNÁN 51			OBAIR THÓGÁLA	
511			Obair réamh-thógála ag láithreáin foirgníochta	
	5111	51110	Obair imscrúdaithe suímh	4510
	5112	51120	Obair scartála	4510
	5113	51130	Foirmiú láithreáin agus obair ghlantacháin	4510
	5114	51140	Obair thochailte agus chrécharta	4510
	5115	51150	Obair ullmhaithe láithreáin le haghaidh mianadóireachta	4510
	5116	51160	Obair scafaill	4520
512			Obair foirgníochta le haghaidh foirgneamh	
	5121	51210	Le haghaidh foirgnimh aon teaghaise amháin agus foirgnimh dhá theaghais	4520
	5122	51220	Le haghaidh foirgnimh ilteaghaise	4520
	5123	51230	Le haghaidh trádstóras agus foirgnimh thionsclaíocha	4520
	5124	51240	Le haghaidh foirgnimh tráchtála	4520
	5125	51250	Le haghaidh foirgnimh siamsaíochta poiblí	4520
	5126	51260	Le haghaidh óstán, bialann agus foirgnimh chomhchosúla	4520
	5127	51270	Le haghaidh foirgneamh oideachasúla	4520
	5128	51280	Le haghaidh foirgneamh sláinte	4520
	5129	51290	Le haghaidh foirgnimh eile	4520
513			Obair foirgníochta le haghaidh innealtóireacht shibhialta	

Grúpa	Aicme	Fo-aicme	Teideal	ISCI Comhfhreagrach
	5131	51310	Le haghaidh mótarbhealaí (seachas mótarbhealaí ardaithe), sráideanna, bóthar, iarnród agus rúidbhealach	4520
	5132	51320	Le haghaidh droichead, mótarbhealaí ardaithe, tollán agus fobhealach	4520
	5133	51330	Le haghaidh uiscebhealaí, cuanta, dambaí agus oibreacha uisce eile	4520
	5134	51340	Le haghaidh píblínte fad-achair, línte cumarsáide agus cumhachta (cáblaí)	4520
	5135	51350	Le haghaidh píblínte agus cáblaí áitiúla; oibreacha coimhdeacha	4520
	5136	51360	Le haghaidh foirgneán i gcomhair mianadóireachta agus déantúsaíochta	4520
	5137		Le haghaidh foirgneán i gcomhair spóirt agus áineasa	
		51371	Le haghaidh staideanna agus faichí spóirt	4520
		51372	Le haghaidh spóirt eile agus suiteálacha áineasa (e.g. linnte snámha, cúirteanna leadóige	4520
	5139	51390	Le haghaidh oibreacha innealtóireachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile	4520
514	5140	51400	Cóimeáil agus tógáil foirgneán réamhdhéanta	4520
515			Obair foirgníochta trádála speisialta	
	5151	51510	Obair dúthshraitheanna, lena n-áirítear píli a shá	4520
	5152	51520	Druileáil tobair uisce	4520

Grúpa	Aicme	Fo-aicme	Teideal	ISCI Comhfhreagrach
	5153	51530	Cur dín agus uiscédhíonadh	4520
	5154	51540	Obair choincréite	4520
	5155	51550	Lúbadh agus tógáil cruach (lena n-áirítear táthú)	4520
	5156	51560	Saoirseacht cloiche	4520
	5159	51590	Obair foirgníochta trádála speisialta eile	4520
516			Obair shuiteála	
	5161	51610	Obair téimh, aerúcháin agus aerchóiriúcháin	4530
	5162	51620	Oibreacha pluiméireachta uisce agus leagtha draenacha	4530
	5163	51630	Obair tógála feistithe gáis	4530
	5164		Obair leictreach	
		51641	Obair sreangú leictreach agus shuiteála	4530
		51642	Obair tógála aláram dóiteáin	4530
		51643	Obair tógála córas aláraim bhuirgléireachta	4530
		51644	Obair tógála antenna cónaithe	4530
		51649	Obair thógála leictre eile	4530
	5165	51650	Obair inslithe (sreangú leictreach, uisce, teas, fuaime)	4530
	5166	51660	Obair tógála fálaithe agus ráille	4530

Grúpa	Aicme	Fo-aicme	Teideal	ISCI Comhfhreagrach
	5169		Oibreacha suiteála eile	
		51691	Obair tógála ardaitheoirí agus staighrí creasa	4530
		51699	Obair shuiteála eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	4530
517			Obair críochnaithe agus bailchríochnaithe foirgneamh	
	5171	51710	Obair ghloinithe agus obair suiteála gloine fuinneoige	4540
	5172	51720	Obair phlástrála	4540
	5173	51730	Obair phéinteála	4540
	5174	51740	Obair tileála urláir agus balla	4540
	5175	51750	Obair eile maidir le leagan urláir, clúdach balla agus páipéarú balla	4540
	5176	51760	Obair siúinéireachta adhmaid agus miotail agus obair chearpantóireachta	4540
	5177	51770	Obair mhaisiúcháin maidir le feistiú laistigh	4540
	5178	51780	Obair feistithe ornáidíochta	4540
	5179	51790	Obair eile críochnaithe agus bailchríochnaithe foirgneamh	4540
518	5180	51800	Seirbhísí cíosa a bhaineann le trealamh le haghaidh foirgníochta nó scartála foirgneamh nó le oibreacha innealtóireacht shibhialta, le hoibreoir	4550

NÓTAÍ GINEARÁLTA AGUS SÍNTÍ/MAOLUITHE

1. Nótaí Ginearálta:

- (a) Ní bheidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na nithe seo a leanas: táirgí talmhaíochta a sholáthar arna ndéanamh ar mhaithe le cláir tacaíochta talmhaíochta agus le cláir beathaithe daoine (e.g. cúnamh bia lena n-áirítear cúnamh fóirithinte práinneach). Beidh feidhm aige, áfach, maidir le soláthairtí faoi chuimsiú an Chláir um Chúnamh Bia do na daoine is díothaí san Aontas Eorpach a mhéid a dhéanann údarás conarthach/eintiteas conarthach a chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo an soláthar, nó a mhéid a dhéantar an soláthar thar a cheann.
- (b) Ní bheidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le soláthar ag craoltóirí chun ábhar cláir a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú agus soláthar conarthaí le haghaidh am craolacháin.
- (c) Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le lamháltais seirbhíse poiblí.
- (d) Conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis soláthair a chumhdaítear faoi Fhoroinn 1 agus Foroinn 2 i dtaca le gníomhaíochtaí i réimsí an uisce óil, an leictreachais, an dáilte gáis agus an iompair, na n-iarnród, an iompair uirbigh, na gcalafort agus na n-aerfort, cumhdaítear iad faoi Fhoroinn 3 agus faoi réir na dtairseach luacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leo.

- (e) Forchoimeádhann an Fhionlainn a seasamh maidir le Teideal VI den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le hOileáin Åland (Ahvenanmaa).

2. Síneadh:

Le haghaidh sholáthróirí Pheiriú: i bhForann 5, áirítear Rannán 94 CPC ina iomláine (Diúscairt séarachais agus bruscair, sláintíocht, agus seirbhísí eile cosanta comhshaoil).

3. Foirmle ríofa tairsí:

- (a) Déanfar an tairseach a choigeartú ag eatraimh 2 bhliain agus tiocfaidh gach coigeartú i bhfeidhm an 1 Eanáir, ag tosú an 1 Eanáir 2014.
- (b) Beidh ríomh luachanna na dtairseach bunaithe ar mheánluachanna laethúla an ráta malairte CTS go Euro thar an 24 mhí dar críoch an lá deireanach de Lúnasa roimh an athbhreithniú le héifeacht ón 1 Eanáir. Slánófar luach na dtairseach, dá bhrí sin, i gcás inar gá, síos go dtí an míle Euro is gaire. Féadfaidh Páirtí AE agus an Cholóim nó Páirtí AE agus Peiriú, de réir mar is iomchuí, an mhodheolaíocht sin a mhodhnú laistigh de chruinniú an Choiste Trádála mar a thuairiscítear in Airteagal 12, mír 4 den Chomhaontú seo.

ROINN C

PEIRIÚ

FOROINN 1

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

Beidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na heintitis rialtais láir dá dtagraítear san Fhoroinn seo a mhéid a bhaineann le soláthar earraí, seirbhísí agus seirbhísí foirgníochta a léirítear thíos, nuair a bheidh luach an tsoláthair measta, i gcomhréir le hAirteagal 173, míreanna 6 go 8, den Chomhaontú seo, mar sholáthar atá cothrom leis na tairseacha comhfhreagracha thíos nó níos airde ná iad:

Earraí:

Tairseach: 130 000 CTS

Seirbhísí:

Tairseach: 130 000 CTS

Seirbhísí Foirgníochta:

Tairseach: 5 000 000 CTS

Eintitis Soláthair:

Mura sonraítear a mhalairt anseo, cumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo gach gníomhaireacht atá faoi réir na n-eintiteas a liostaítear thíos.

1. Asamblea Nacional de Rectores
2. Banco Central de Reserva del Perú
3. Congreso de la República del Perú
4. Consejo Nacional de la Magistratura
5. Contraloría General de la República
6. Defensoría del Pueblo
7. Jurado Nacional de Elecciones
8. Ministerio del Ambiente
9. Ministerio de Agricultura
10. Ministerio de Comercio Exterior y Turismo
11. Ministerio de Defensa (féach Nóta 1 thíos)
12. Ministerio de Economía y Finanzas (féach Nóta 2 thíos)
13. Ministerio de Educación
14. Ministerio de Energía y Minas
15. Ministerio de Justicia
16. Ministerio de la Mujer y Desarrollo Social
17. Ministerio de la Producción
18. Ministerio de Relaciones Exteriores

19. Ministerio de Salud
20. Ministerio de Trabajo y Promoción del Empleo
21. Ministerio de Transportes y Comunicaciones
22. Ministerio de Vivienda, Construcción y Saneamiento (see Note 3 below)
23. Ministerio del Interior (féach Nóta 1 thíos) 24. Ministerio Público
25. Oficina Nacional de Procesos Electorales
26. Poder Judicial
27. Presidencia del Consejo de Ministros
28. Registro Nacional de Identificación y Estado Civil
29. Seguro Social de Salud (ESSALUD) (féach Nóta 4 thíos)
30. Superintendencia de Banca, Seguros y Administradora Privada de Fondos de Pensiones
31. Tribunal Constitucional
32. Universidad Nacional del Altiplano
33. Universidad del Centro del Perú
34. Universidad Mayor de San Marcos
35. Universidad Nacional Agraria de la Molina
36. Universidad Nacional Agraria de la Selva
37. Universidad Nacional Amazónica de Madre de Dios
38. Universidad Nacional Daniel Alcides Carrión
39. Universidad Nacional de Cajamarca
40. Universidad Nacional de Educación Enrique Guzman Valle
41. Universidad Nacional de Huancavelica
42. Universidad Nacional de Ingeniería

43. Universidad Nacional de la Amazonía Peruana
44. Universidad Nacional de Piura
45. Universidad Nacional de San Agustín
46. Universidad Nacional de Trujillo
47. Universidad Nacional de Tumbes
48. Universidad Nacional de Ucayali
49. Universidad Nacional del Callao
50. Universidad Nacional del Santa
51. Universidad Nacional Federico Villareal
52. Universidad Nacional Hermilio Valdizán
53. Universidad Nacional Jorge Basadre Grohmann
54. Universidad Nacional José F. Sanchez Carrión
55. Universidad Nacional Micaela Bastidas de Apurímac
56. Universidad Nacional San Antonio de Abad del Cusco
57. Universidad Nacional San Cristobal de Huamanga
58. Universidad Nacional San Martín
59. Universidad Nacional San Luis Gonzaga de Ica
60. Universidad Nacional Santiago Antúnez de Mayolo
61. Universidad Nacional Toribio Rodríguez de Mendoza
62. Universidad Pedro Ruiz Gallo

Nótaí a ghabhann leis an bhForoinn seo

1. Ministerio de Defensa and Ministerio del Interior: Ní chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo soláthar éadaí/éadaigh (HS 6205) agus coisbhirt (HS 64011000) ag Arm, Cabhlach, Aerfhórsa nó Póilíní Náisiúnta Pheiriú.
2. Ministerio de Economía y Finanzas: Ní chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo soláthar seirbhísí teicniúla, dlíthiúla, airgeadais, eacnamaíocha, nó seirbhísí comhairliúcháin comhchosúla ag an Agencia de Promoción de la Inversión Privada (PROINVERSION) atá riachtanach chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn trí lamháltais a dheonú nó trí mhodhanna eile amhail méadú caipitil, comhfhiontair, conarthaí seirbhíse, léasaithe agus bainistíochta.
3. Ministerio de Vivienda, Construcción y Saneamiento: Ní chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo soláthar arna dhéanamh ag an Comisión de Formalización de la Propiedad Neamhfhoirmiúil (COFOPRI).
4. Seguro Social de Salud (ESSALUD): Ní chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo soláthar bileog (HS 6301) agus blaincéad (HS 6302).

FOROINN 2

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

Beidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na heintitis rialtais fo-láir dá dtagraítear san Fhoroinn seo a mhéid a bhaineann le soláthar earraí, seirbhísí agus seirbhísí foirgníochta a léirítear thíos, nuair a bheidh luach an tsoláthair measta, i gcomhréir le hAirteagal 173, míreanna 6 go 8, den Chomhaontú seo, mar sholáthar atá cothrom leis na tairseacha comhfhreagracha thíos nó níos airde ná iad:

Earraí:

Tairseach: 200 000 CTS

Seirbhísí:

Tairseach: 200 000 CTS

Seirbhísí Foirgníochta:

Tairseach: 5 000 000 CTS

Eintitis Soláthair:

I. Leibhéal Réigiúnach Rialtais

1. Gobierno Regional de Amazonas
2. Gobierno Regional de Ancash
3. Gobierno Regional de Arequipa
4. Gobierno Regional de Ayacucho
5. Gobierno Regional de Apurímac
6. Gobierno Regional de Cajamarca

7. Gobierno Regional del Callao
8. Gobierno Regional de Cusco
9. Gobierno Regional de Ica
10. Gobierno Regional de Huancavelica
11. Gobierno Regional de Huánuco
12. Gobierno Regional de Junín
13. Gobierno Regional de la Libertad
14. Gobierno Regional de Lambayeque
15. Gobierno Regional de Lima
16. Gobierno Regional de Loreto
17. Gobierno Regional de Madre de Dios
18. Gobierno Regional de Moquegua
19. Gobierno Regional de Pasco
20. Gobierno Regional de Piura
21. Gobierno Regional de Puno
22. Gobierno Regional de San Martín
23. Gobierno Regional de Tacna
24. Gobierno Regional de Tumbes
25. Gobierno Regional de Ucayali

II. Leibhéal Áitiúil Rialtais

Clúdaítear gach bardas cúigeach agus gach bardas ceantair.

FOROINN 3

EINTITÍS EILE A CHUMHDAÍTEAR

Beidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na heintitis dá dtagraítear san Fhoroinn seo a mhéid a bhaineann le soláthar earraí, seirbhísí agus seirbhísí foirgníochta a léirítear thíos, nuair a bheidh luach an tsoláthair measta, i gcomhréir le hAirteagal 173, míreanna 6 go 8, den Chomhaontú seo, mar sholáthar atá cothrom leis na tairseacha comhfhreagracha thíos nó níos airde ná iad:

Earraí:

Tairseach: 400 000 CTS

Seirbhísí:

Tairseach: 400 000 CTS

Seirbhísí Foirgníochta:

Tairseach: 5 000 000 CTS

Eintitis Soláthair:

1. Agro Banco
2. Banco de la Nación
3. Banco de Materiales

4. Compañía de Negociaciones Mobiliarias e Inmobiliarias S.A.
5. Corporación Financiera de Desarrollo S.A.
6. Corporación Peruana de Aeropuertos y Aviación Civil S.A. (CORPAC)
7. Electricidad del Perú S.A. (ELECTROPERU)
8. Empresa Eléctrica del Sur S.A.
9. Empresa de Administración de Infraestructura Eléctrica S.A.
10. Empresa de Generación Eléctrica de Machupicchu
11. Empresa Nacional de la Coca S.A. (ENACO)
12. Empresa Nacional de Puertos S.A. (ENAPU)
13. Empresa Peruana de Servicios Editoriales
14. Empresa Regional de Servicios Públicos de Electricidad del Oriente
15. Empresa Regional de Servicios Públicos de Electricidad del Sur Este S.A
16. Inmobiliaria Milenia S.A. (INMISA)
17. PERUPETRO
18. Petróleos del Perú (PETROPERU) (féach an Nóta thíos)
19. Servicio de Agua Potable y Alcantarillado de Lima (SEDAPAL)
20. Servicio Industrial de la Marina (SIMA)
21. Servicios Postales del Perú S.A
22. Sociedad Eléctrica del Sur Oeste

Nótaí a ghabhann leis an bhForoinn seo

Petróleos del Perú (PETROPERU): Ní chumhdaítear le Teideal VI den Chomhaontú seo soláthar na n-earraí seo a leanas:

- (a) Peitriiliam amh
- (b) Gásailín
- (c) Própán
- (d) Ola dhíosail
- (e) Bútán
- (f) Driogadh meánach sulfair íseal nó gás-ola
- (g) Gás nádúrtha
- (h) Bithdhíosail
- (i) Hidreacarbóin neamhchioglacha sháithithe
- (j) Catalaitheoirí
- (k) Eatánól
- (l) Breiseáin

FOROINN 4

EARRAÍ

Tá feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na seirbhísí foirgníochta uile arna soláthar ag na heintitis a liostaítear i bhForoinn 1 go dtí 3, faoi réir na Nótaí faoi seach a ghabhann le Foranna 1 go 3, agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhForoinn 7.

FOROINN 5

SEIRBHÍSÍ

Beidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na seirbhísí uile arna soláthar ag na heintitis a liostaítear i bhForanna 1 go dtí 3, faoi réir na Nótaí faoi seach a ghabhann le Foranna 1 go 3, agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhForoinn 7.

Ní chumhdaítear leis an Teideal soláthar na seirbhísí seo a leanas, mar atá leagtha amach in Aicmiú Lárnach Táirgí na Náisiún Aontaithe leagan 1.1.

(<http://unstats.un.org/unsd/cr/registry/regist.asp?Cl=16>):

CPC 8221 Seirbhísí cuntaasaíochta agus iniúchóireachta

CPC 8321 Seirbhísí ailtireachta

CPC 8334 Seirbhísí innealtóireachta agus deartha

CPC 8335 Seirbhísí innealtóireachta le linn chéim na tógála agus na suiteála

CPC 82191 Seirbhísí cuntaíochta agus iniúchóireachta

I gcás chóid CPC 8321, 8334 agus 8335, beidh feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo tar éis 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

FOROINN 6

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

A. Seirbhísí Foirgníochta

Tá feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir leis na seirbhísí foirgníochta uile arna soláthar ag na heintitis a liostaítear i bhForoinn 1 go dtí 3, faoi réir na Nótaí faoi seach a ghabhann le Foroinn 1 go Foroinn 3, agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhForoinn 7.

B. Conarthaí Lamháltais Oibreacha Poiblí

Conarthaí lamháltais oibreacha poiblí, nuair a dhámhann eintitis Fhoroinn 1 agus Foroinn 2 iad, agus ar choinníoll go bhfuil a luach cothrom le 5 000 000 SDR nó níos mó ná sin, tá siad faoi réir phrionsabal na córa náisiúnta a bhunaítear in Airteagal 175, mír 1 agus mír 2 den Chomhaontú seo, agus faoi réir Airteagail 173, 174, 179, 190 agus 294 den Chomhaontú seo.

FOROINN 7

NÓTAÍ GINEARÁLTA AGUS SÍNTÍ/MAOLUITHE

Mura sonraítear a mhalairt anseo, tá feidhm ag na Nótaí Ginearálta seo a leanas gan eisceacht maidir le Teideal VI den Chomhaontú seo, lena n-áirítear maidir le gach Roinn den Fhoscríbhinn seo.

1. Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le cláir soláthair thar ceann cuideachtaí beaga agus micreamhéide.
2. Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le hearraí a sholáthar le haghaidh cláir cúnaimh bia.
3. Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le soláthar a dhéanann eintiteas amháin de chuid Pheiriú ó eintiteas eile de chuid Pheiriú.

4. Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le fíodóireacht agus éadaí a fháil a dhéantar le snáithíní alpaca agus láma.
5. Níl feidhm ag Teideal VI den Chomhaontú seo maidir le soláthar ag Ambasáidí, Consalachtaí agus misin eile sheirbhís eachtrach Pheiriú, go heisiach chun maidir lena n-oibriú agus a mbainistiú.

Chun críocha Theideal VI den Chomhaontú seo, áirítear le nósanna imeachta tairisceana oscailte creat-chomhaontuithe agus ceant droim ar ais.

6. Foirmle ríofa tairsí
 - (a) Déanfar an tairseach a choigeartú ag eatraimh 2 bhliain agus tiocfaidh gach coigeartú i bhfeidhm an 1 Eanáir, ag tosú an 1 Eanáir 2014.
 - (b) Beidh ríomh luachanna na dtairseach bunaithe ar mheánluachanna laethúla an ráta malairte CTS go Sol Pheiriú thar an 24 mhí dar críoch an lá deireanach de Lúnasa roimh an athbhreithniú le héifeacht ón 1 Eanáir. Slánófar luach na dtairseach, dá bhrí sin, i gcás inar gá, síos go dtí an míle Sol Pheiriú is gaire. Féadfaidh Páirtí an Aontais agus an Cholóim an mhodheolaíocht sin a mhodhnú laistigh de chruinniú an Choiste Trádála mar a thuairiscítear in Airteagal 12, mír 4 den Chomhaontú seo.

FOSCRÍBHINN 2

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

1. An tAontas Eorpach

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

<http://simap.europa.eu>

An Bheilg

Dlíthe, rialacháin ríoga, rialacháin aireachta, ciorcláin aireachta — le Moniteur Belge

Dlí-eolaíocht – Pasicrisie

An Bhulgáir

Dlíthe agus Rialacháin — Държавен вестник (Iris Stáit)

Cinntí breithiúnacha – www.sac.government.bg

Rialuithe riaracha a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus aon nós imeachta – www.aop.bg agus www.cpc.bg

Poblacht na Seice

Dlíthe agus Rialacháin — Sbírka zákon České republiky (Bailiúchán de Dlíthe Phoblacht na Seice)
Rialuithe na hOifige um Chosaint Iomaíochta — Bailiúchán Rialuithe na hOifige um Chosaint
Iomaíochta

An Danmhairg

Dlíthe agus rialacháin — Lovtidende
Cinntí breithiúnacha – Ugeskrift for Retsvæsen
Rialuithe agus nósanna imeachta riaracha – Ministerialtidende
Rialuithe ón mBord Achomhairc um Sholáthar Poiblí — Konkurrencerådets Dokumentation

An Ghearmáin

Reachtaíocht agus rialacháin — Bundesanzeiger
Cinntí Breithiúnacha: Entscheidungsammlungen des
Bundesverfassungsgerichts, Bundesgerichtshofs, Bundesverwaltungsgerichts, Bundesfinanzhofs
sowie der Oberlandesgerichte

An Eastóin

Dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu: Riigi Teataja
Cinntí breithiúnacha Chúirt Uachtarach na hEastóine: Riigi Teataja (cuid 3)

An Ghréig

Iris Oifigiúil na Poblachta Heilléanaí — Εσημύρσδα η βρσσσσ η λλησιύς Δημμούρασσασσα

An Spáinn

Reachtaíocht – Boletín Oficial des Estado
Rialuithe breithiúnacha — gan aon fhoilseachán oifigiúil

An Fhrainc

Reachtaíocht – Journal Officiel de la République française
Dlí-eolaíocht – Recueil des arrêts du Conseil d'Etat
Revue des marchés publics

Éire

Reachtaíocht agus rialacháin — Iris Oifigiúil (Iris Oifigiúil Rialtas na hÉireann)

An Iodáil

Reachtaíocht – Gazzetta Ufficiale

Dlí-eolaíocht — gan aon fhoilseachán oifigiúil

An Chipir

Reachtaíocht — Iris Oifigiúil na Poblachta (Επίσημη Εφημερίδα της Δημοκρατίας)

Cinntí breithiúnacha: Cinntí ón Ard-Chúirt Uachtarach – An Oifig Phriontála (Αποφάσεις

Ανωτάτου Δικαστηρίου 1999 – Τυπογραφείο της Δημοκρατίας)

Lucsamburg

Reachtaíocht – Memorial

Dlí-eolaíocht – Pasicrisie

An Ungáir

Reachtaíocht – Magyar Közlöny (Iris Oifigiúil Phoblacht na hUngáire)

Dlí-eolaíocht - Közbeszerzési Értesítő - a Közbeszerzések Tanácsa

Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí – Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí))

An Laitvia

Reachtaíocht - Latvijas vēstnesis (Nuachtán Oifigiúil)

An Liotuáin

Dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin – Iris Oifigiúil (‘Valstybės Žinios’)

Phoblacht na Liotuáine

Cinntí breithiúnacha, dlí-eolaíocht — Feasachán ó Chúirt Uachtarach na Liotuáine ‘Teismų praktika’; Feasachán Chúirt Uachtarach Chúirt Riaracháin na Liotuáine ‘Administracinių teismų praktika’

Málta

Reachtaíocht — Iris an Rialtais

An Ísiltír

Reachtaíocht – Nederlandse Staatscourant agus/nó Staatsblad

Dlí-eolaíocht — gan aon fhoilseachán oifigiúil

An Ostair

Reachtaíocht - Österreichisches Bundesgesetzblatt Amtsblatt zur Wiener Zeitung

Cinntí breithiúnacha, dlí-eolaíocht - Sammlung von Entscheidungen des Verfassungsgerichtshofes

Sammlung der Entscheidungen des Verwaltungsgerichtshofes –administrativrechtlicher und finanzrechtlicher Teil

Amtliche Sammlung der Entscheidungen des OGH in Zivilsachen

An Pholainn

Reachtaíocht - Dziennik Ustaw Rzeczypospolitej Polskiej (Iris Dlíthe — Poblacht na Polainne)

Cinntí breithiúnacha, dlí-eolaíocht ‘Zamówienia publiczne w orzecznictwie. Wybrane orzeczenia zespołu arbitrów i Sądu Okręgowego w Warszawie’ (Rogha breithiúnas ó phainéil eadrána agus ón gCúirt Réigiúnach i Vársá)

An Phortaingéil

Legislation - Diário da República Portuguesa 1a Série A e 2a série

Foilseacháin Bhreithiúnacha — Boletim do Ministério da Justiça

Colectânea de Acordos do Supremo Tribunal Administrativo;

Colectânea de Jurisprudencia das Relações

An Rómáin

Dlíthe agus Rialacháin— Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine)

Cinntí breithiúnacha, rialuithe riaracha a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus aon nós imeachta –

www.anrmap.ro

An tSlóivéin

Reachtaíocht - Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine

Cinntí breithiúnacha - gan foilsiú oifigiúil

An tSlóvaic

Reachtaíocht — Zbierka zákonov (Bailiúchán Dlíthe)

Cinntí breithiúnacha - gan foilsiú oifigiúil

An Fhionlainn

Suomen Säädoskokoelma — Finlands Författningssamling (Bailiúchán Reachtanna na Fionlainne)

An tSualainn

Svensk Författningssamling (Cód Reachtanna na Sualainne)

An Ríocht Aontaithe

Reachtaíocht – HM Stationery Office

Dlí-eolaíocht – Law Reports

‘Comhlachtaí Poiblí’ — HM Stationery Office

2. An Cholóim

Tairseach Soláthair Phoblacht na Colóime:

<http://www.contratos.gov.co>

3. Peiriú

Reachtaíocht agus Dlí-eolaíocht: www.osce.gob.pe

Deiseanna chun earraí agus seirbhísí a sholáthar: www.seace.gob.pe

Deiseanna maidir le lamháltais oibreacha poiblí: www.proinversion.gob.pe

FOSCRÍBHINN 3

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

1. An tAontas Eorpach

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

<http://simap.europa.eu>

2. An Cholóim

Tairseach Soláthair Phoblacht na Colóime:

<http://www.contratos.gov.co>

3. Peiriú

Deiseanna chun earraí agus seirbhísí a sholáthar: www.seace.gob.pe

Deiseanna maidir le lamháltais oibreacha poiblí: www.proinversion.gob.pe

FOSCRÍBHINN 4

FÓGRA FAOI SHOLÁTHAR BEARTAITHE

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra faoi sholáthar beartaithe:

- (a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;
- (b) tuairisc ar an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;
- (c) an tráthchlár i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;
- (d) an modh soláthair a úsáidfear agus an mbeidh caibidlíocht nó ceant leictreonach i gceist leis;
- (e) i gcás inarb infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh le haghaidh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a thíolacadh;
- (f) an seoladh agus an dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;

- (g) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar/ina ndéanfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, más rud é nach teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair í;
- (h) liosta d'aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht na soláthróirí, agus tuairisc ghearr ar na coinníollacha sin, lena n-áirítear aon cheanglas maidir le doiciméid nó deimhnithe sonracha atá le soláthar ag soláthróirí i leith rannpháirtíocht den sórt sin, mura n-áirítear na ceanglais sin i ndoiciméadacht tairisceana a chuirfear ar fáil do na soláthróirí leasmhara go léir an tráth céanna leis an bhfógra faoi sholáthar beartaithe; agus
- (i) i gcás, de bhun Airteagal 179 den Chomhaontú seo, go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir a úsáidfear chun iad a roghnú agus, i gcás inarb infheidhme, aon teorainn ar líon na soláthróirí a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach.

FOSCRÍBHINN 5

FÓGRA LENA nIARRTAR AR SHOLÁTHRÓIRÍ LEASMHARA IARRATAS A DHÉANAMH AR BHEITH SAN ÁIREAMH I LIOSTA ILÚSÁIDE

Beidh an méid seo a leanas san áireamh i ngach fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh i liosta ilúsáide de sholáthar beartaithe:

- (a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;
- (b) na coinníollacha rannpháirtíochta a bheidh le comhlíonadh ag na soláthróirí agus na modhanna a úsáidfí an t-eintiteas soláthair chun a fhíorú go gcomhlíonann na soláthróir na coinníollacha;
- (c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas agus na doiciméid ábhartha uile a fháil a bhaineann leis an liosta; agus
- (d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó, i gcás nach soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh.

FOSCRÍBHINN 6

TRÉIMHSÍ AMA

1. Eintiteas soláthair a úsáideann nós imeachta tairisceana ar cuireadh, suífidh sé maidir leis an dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, nach mbeidh sé i bprionsabal, níos lú ná 25 lá ó dháta foilsithe an fhógra faoi sholáthar beartaithe. I gcás ina bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach gairide ná 10 lá.
2. Ach amháin mar a fhoráiltear i mír 3, forálfaidh eintiteas soláthair nach mbeidh an dáta deiridh chun tairiscintí a chur isteach níos lú ná 40 lá ó na dátaí seo a leanas:
 - (a) i gcás nós imeachta tairisceana oscailte, an dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; nó
 - (b) i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh, an dáta a thabharfaidh an t-eintiteas fógra do na soláthróirí go n-iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cibé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé liosta ilúsáide.

3. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse ama le haghaidh tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair faoi Airteagal 177, mír 2 den Chomhaontú seo, 40 lá ar a laghad agus tráth nach faide ná 12 mhí roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:
 - (i) tuairisc ar an soláthar;
 - (ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;
 - (iii) an seoladh ag a bhféadfadh doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus
 - (iv) an oiread faisnéise atá ar fáil agus a cheanglaítear le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe faoi Fhoscríbhinn 4.
 - (b) i gcás go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh soláirtí de chineál athfhillteach, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go soláthrófar i bhfógraí ina dhiaidh sin tréimhsí tairisceana bunaithe ar an mír seo;

- (c) i gcás go bhfágann staid phráinne a bhfuil bunús cuí tugtha ag an eintiteas soláthair léi go bhfuil an tréimhse ama sin dofheidhmithe; nó
 - (d) i gcás go soláthraíonn an t-eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, ar choinníoll gurb é an praghas an t-aon chritéar dámhachtana.
4. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse ama le haghaidh tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú 5 lá le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:
- (a) is trí mheán leictreonach a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe;
 - (b) cuirtear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ó dháta foilsithe an fhógra faoi sholáthar beartaithe; agus
 - (c) féadfaidh an t-eintiteas soláthair na tairiscintí a fháil go leictreonach.
5. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar úsáid mhír 4, i gcomhar le mír 3, go laghdófar na tréimhsí tairisceana a leagtar amach i mír 2 chuig tréimhse is gairide ná 10 lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.

6. D'ainneoin aon tréimhse ama eile san Fhoscríbhinn seo, i gcás ina gceannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, i gcás nach é an praghas amháin na critéir dhámhachtana, féadfaidh sé an tréimhse ama le haghaidh tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú go tréimhse nach lú ná 15 lá, ar choinníoll go ndéanfaidh an t-eintiteas soláthair an méid seo a leanas:
- (a) a fhoilseoidh trí mheán leictreonach, ag an am céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus na doiciméid tairisceana iomlána araon; agus
 - (b) glacann sé le tairiscintí trí mheán leictreonach.

FOSCRÍBHINN 7

FÓGRA FAOI DHÁMHACHTAIN

Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 188 mír 2 den Chomhaontú seo:

- (a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí atá le soláthar;
- (b) ainm agus seoladh an eintitis soláthair;

- (c) ainm agus seoladh an tsoláthróra ar éirigh leis;
- (d) luach na tairisceana ar éirigh léi nó luach na dtairiscintí is airde agus is ísle a cuireadh san áireamh agus an conradh á dhámhachtain;
- (e) dáta na dámhachtana; agus
- (f) an cineál modha soláthair a úsáideadh, agus i gcásanna inar úsáideadh tairiscint teoranta, tuairisc ar na himthosca a thugann údar le húsáid tairisceana teoranta.

FOSCRÍBHINN 8

DOICIMÉADACHT TAIRISCEANA

Amhail dá dtagraítear in Airteagal 182 mír 1 den Chomhaontú seo, amháin má soláthraíodh cheana san fhógra faoi sholáthar beartaithe é, áireofar sa doiciméadacht tairisceana tuairisc iomlán ar na nithe seo a leanas:

- (a) an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i ina bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta agus aon cheanglas atá le comhlíonadh, lena n-áirítear aon sonraíocht theicniúil, aon deimhniúchán um measúnú comhréireachta, aon phlean, aon líníocht nó aon ábhar teagaisc;

- (b) aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht na soláthróirí, lena n-áirítear liosta faisnéise agus doiciméad a gceanglaítear ar sholáthróirí a chur isteach i ndáil leis an rannpháirtíocht sin;
- (c) na critéir mheastóireachta uile a bheidh le breithniú ag an eintitis soláthair agus an conradh á dhámhachtain agus, ach amháin i gcás inarb é an praghas an t-aon chritéar amháin, tábhacht choibhneasta na gcritéar sin;
- (d) i gcás ina ndéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthar trí mheán leictreonach, aon cheanglas fíordheimhniúcháin agus criptiúcháin nó aon trealamh eile a bhaineann le faisnéis a fháil trí mheán leictreonach;
- (e) i gcás go mbeidh an t-eintiteas soláthair chun ceant leictreonach a chur ar bun, na rialacha, lena n-áirítear sainaithint na n-eilimintí den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, ar dá réir a dhéanfar an ceant;
- (f) i gcás ina n-osclófar tairiscintí go poiblí, an dáta, an t-am agus an áit a n-osclófar iad agus, i gcás inarb iomchuí, na daoine atá údaraithe le bheith i láthair;
- (g) aon téarma nó coinníoll eile, lena n-áirítear téarmaí íocaíochta agus aon teorainn ar na modhanna trína bhféadfar tairiscintí a chur isteach, e.g. ar páipéar nó trí mheán leictreonach; agus
- (h) aon dátaí chun earraí a sheachadadh nó seirbhísí a sholáthar.